**Feidhm:** **Ag cur ceiste ar dhuine faoi cad é a bhí ar siúl aige/aici ag an deireadh seachtaine**
**Bileoga:** **6.1, 6.2, 6.3 agus 6.4**

- Scaip **Bileog 6.1**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus bí cinnte go dtuigeann an rang cad é atá le déanamh. Ba cheart aird na bhfoghlaimeoirí a tharraingt ar na hathruithe a thagann ar na briathra san Aimsir Chaite. Seo thíos na rialacha do bhriathra rialta:

  - Cuirtear séimhiú ar an bhriathar.
  - Baintear úsáid as 'Ar' leis an cheist a chumadh.
  - Ní athraíonn deireadh an bhriathair mar a dhéanann san Aimsir Láithreach, fanann sé mar atá.
  - Baintear úsáid as 'níor' leis an diúltach a chur in iúl san Aimsir Chaite.

- Scríobh na briathra **Ól** agus **Féach** ar an chlár dubh. Cuir ceist ar an rang an féidir séimhiú a chur ar ghuta. Mínigh nach féidir agus cén fáth. Ciallaíonn séimhiú rud a dhéanamh séimh – tugann sé fuaim níos séimhe do chonsan mar sin.
- Mínigh dóibh go mbaintear úsáid as **d'** san Aimsir Chaite in áit séimhiú nuair a thosaíonn an focal le guta nó le **f**.
- Scríobh amach an dá bhriathar ansin i ngach pearsa. Faigh na freagraí ó na foghlaimeoirí seachas tú féin bheith á gcur ar fáil.

| **Ól** | **Féach** |
|---|---|
| D'ól mé | D'fhéach mé |
| D'ól tú | D'fhéach tú |
| D'ól sé/sí | D'fhéach sé/sí |
| D'ól muid | D'fhéach muid |
| D'ól sibh | D'fhéach sibh |
| D'ól siad | D'fhéach siad |

- Cuid B: Tabhair seans dóibh na briathra a scríobh sna boscaí.
- Scríobh na briathra ar an chlár dubh le bheith cinnte go bhfuil na briathra acu go cruinn ceart.
- Cuid C: Níl anseo ach dul siar ar na rialacha atá díreach pléite ach tugann sé seans do na foghlaimeoirí na rialacha a mhíniú dá chéile.

- Scaip **Bileog 6.2** ar an rang agus abair leo go mbeidh siad ag foghlaim na mbriathra mírialta anois san Aimsir Chaite.
- Chun nach mbeidh siad ag scríobh ar feadh tamaill rófhada iarr ar gach beirt leath na mbriathra a scríobh agus ansin malartú agus féachaint an mbeadh an rud céanna scríofa acu féin leis an duine in aice leo.
- Nuair atá na boscaí ar fad líonta acu téigh siar ar na briathra ar fad le bheith cinnte go bhfuil siad cruinn ceart.

© Ollscoil Mhá Nuad

- Cuir na foghlaimeoirí ina mbeirteanna.
- Tabhair **Bileog 6.3** do dhuine amháin den bheirt agus **Bileog 6.4** don duine eile. Má tá ochtar sa rang mar shampla, déan ceithre chóip de **Bileog 6.3** agus ceithre chóip de **Bileog 6.4.**
- Abair le gach beirt gan na bileoga a thaispeáint dá chéile.
- Cuid A: Caithfidh na foghlaimeoirí abairtí iomlána a chumadh ag úsáid na mbriathra ar **Bileog 6.1** agus ar **Bileog 6.2**. Nuair atá siad réidh léigh tríd na rialacha faoi Chuid B.
- Cuid B: Bí cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí an dá cheist go maith. Tá ar na foghlaimeoirí labhairt leis an duine eile le fáil amach cad é a rinne sé/sí ag an deireadh seachtaine bunaithe ar na pictiúir atá ag an duine sin.
- Iarr ar chúpla duine sa rang labhairt faoi na pictiúir a bhí acu os ard.

**Feidhm:** **Ag rá go ndeachaigh tú áit éigin**
**Bileoga:** **6.5 agus 6.6**

- Scaip **Bileog 6.5** agus abair leis na foghlaimeoirí Cuid A a dhéanamh.
- Nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang faoi ábhar an ailt.
- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
- Mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht leis an téip. Tabhair cúpla bomaite dóibh na ceisteanna a léamh agus a thuiscint faoi Chuid B.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad. Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é.
- Cuid C: Caithfidh siad éisteacht leis an téip arís agus liosta de na briathra a chloiseann siad san Aimsir Chaite a scríobh faoin teideal **'fréamh'**.

  Na briathra: Déan
  Ól
  Imir
  Breathnaigh
  Téigh
  Buail le

- Nuair atá na briathra thuas acu iarr orthu ansin an fhoirm cheisteach, dhearfach agus dhiúltach a dhéanamh.
- Scríobh na briathra ar an chlár dubh ansin le cuidiú ó na foghlaimeoirí le bheith cinnte go bhfuil siad déanta mar is ceart acu.

- Scaip **Bileog 6.6** ar an rang.
- Cuid A: Léigh tríd na treoracha agus léigh tríd na habairtí faoi Chuid A. I ndiaidh tamaill cuir ceist ar an rang cad é an difríocht idir na habairtí. Ba cheart go ndéarfadh siad:

Go
Go dtí = to
Chuig

- Mínigh an difríocht idir gach ceann muna bhfuil sé ar eolas acu:

| | |
|---|---|
| Go – | go dtí áit nuair nach bhfuil an t-alt san ainm e.g.: go Sasana |
| Go dtí - | go dtí áit nuair atá an t-alt san ainm e.g.: go dtí an Fhrainc |
| Chuig - | téann tú chuig imeacht nó duine e.g.: chuig cóisir |

- Cuid B: Léigh tríd na treoracha leis an rang agus tabhair seans dóibh an réamhfhocal ceart a roghnú le dul isteach sna bearnaí.
- Cuid C: Abair leo a gcuid freagraí a sheiceáil leis an duine in aice leo sula n-éisteann siad leis na freagraí cearta ar an téip. Ansin seinn an téip agus tabhair seans dóibh iad a sheiceáil.
- Cuir ceist ar chúpla duine sa rang na habairtí a léamh amach os ard.

**Freagraí**:

1. Chuaigh mé chuig ceolchoirm.
2. Chuaigh mé go Baile Átha Cliath.
3. Ní dheachaigh mé go dtí an baile mór.
4. Chuaigh mé chuig cóisir oíche aréir.
5. Ní dheachaigh mé go dtí an siopa go fóill.
6. Ní dheachaigh mé chuig scannán le fada.
7. Chuaigh mé go Dún na nGall maidin inné.
8. Ní dheachaigh mé go dtí an teach tábhairne.
9. Chuaigh mé go dtí an pháirc tráthnóna inné.
10. Chuaigh mé chuig céilí Dé hAoine seo caite.

**Feidhm:** **Ag cur ceiste ar dhaoine cén uair a chuaigh siad áit éigin agus ag freagairt na ceiste sin**
**Bileoga:** **6.7**

- Scaip **Bileog 6.7** agus léigh trí Chuid A.
- Abair leo na bearnaí a líonadh i ngach bosca leis an lá a rinne siad rud agus leis an am sin den lá a rinne siad é.

Mar Shampla:

Lá: *Dé Sathairn*_____
Am: *Maidin*__________
An teach



- Ba cheart go mbeadh na foghlaimeoirí ábalta na briathra san Aimsir Chaite a chur leis an eolas seo agus rud éigin ar nós, 'Ghlan mé an teach maidin Dé Sathairn' a rá (nó ghlan mé an teach aréir / Dé hAoine seo caite).
- Cuid B: Nuair atá siad in ann gach rud a rinne siad a rá abair leo labhairt leis an duine in aice leo le fáil amach cad é a rinne an duine sin. Léigh tríd an dá cheist le bheith cinnte go dtuigeann siad iad agus le bheith cinnte go bhfuil siad in ann iad a fhuaimniú mar is ceart. Tá na ceisteanna ann le cuidiú leo tús a chur leis an chomhrá.
- Iarr ar chúpla duine sa rang an rud a rinne siad ag an deireadh seachtaine a rá os ard bunaithe ar na pictiúir faoi Chuid A.

**Feidhm: Ag rá cad iad na rudaí a rinne tú**
**Bileoga: 6.8 agus 6.9**

- Scaip **Bileog 6.8**
- Cuid A: Léigh tríd na treoracha. Mínigh dóibh go mbeidh siad ag siúl timpeall an ranga ag labhairt le gach duine sa rang. Sula ndéanann siad é sin, áfach, caithfidh siad na habairtí sa cholún ar chlé a léamh agus tic a chur sa cholún **Tú Féin** má rinne siad na himeachtaí sin. Áit ar bith ar chuir siad tic caithfidh siad ansin a rá cén uair a rinne siad an ghníomhaíocht áirithe sin.
- Cuid B: Nuair atá an t-eolas a bhaineann leo féin go pearsanta líonta isteach acu abair leo go gcaithfidh siad daoine eile sa rang a aimsiú a rinne na himeachtaí sa liosta. Caithfidh siad a fháil amach chomh maith cén uair a rinne na daoine eile na himeachtaí éagsúla.
- Bí tú féin thart le cuidiú leo.

- Scaip **Bileog 6.9**.
- Cuid A: Tabhair cúpla bomaite dóibh leis na ceisteanna faoi Chuid A a léamh. Léigh thusa na treoracha agus na ceisteanna leo le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Cuir an téip ar siúl ansin dóibh faoi dhó.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.
- Cuir an téip ar siúl arís más gá.
- Cuid B: Leigh tríd na treoracha faoi Chuid B. Bí cinnte go dtuigeann siad go bhfuil siad ag éisteacht anois leis na briathra ar fad sa sliocht. Tabhair seans dóibh nuair atá an mhír críochnaithe na briathra a scríobh sna bearnaí, ag obair leis an duine in aice leo.

Na briathra:

| | |
|---|---|
| Chuala mé | D'ith muid |
| Chaith tú | Cheannaigh muid |
| Bhí an aimsir | Thug muid |
| Rinne tú | D'imigh muid |
| Chuaigh mé | |

- Cuid C: Léigh tríd na treoracha faoi Chuid C le bheith cinnte go dtuigeann an rang cad é atá le déanamh acu.

**Freagraí**:

| | |
|---|---|
| Cúpla lá | Cúpla focal |
| Cúpla duine | Cúpla rang |
| Cúpla uair | Cúpla leabhar |
| Cúpla oíche | Cúpla cara |
| Cúpla cluiche | Cúpla bord |
| Cúpla bomaite | Cúpla deoch |

**Feidhm:** **Ag cur ceiste ar dhuine ar bhain siad sult as rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin**
**Bileoga:** **6.10 agus 6.11**

- Scaip **Bileog 6.10** ar na foghlaimeoirí.
- Cuid A: Tá an abairt – *An mbaineann tú sult as. . .?* – ar eolas ag na foghlaimeoirí cheana féin. Tabhair seans dóibh anois an cheist a chur san Aimsir Chaite. Bainfidh siad úsáid as na rialacha atá foghlamtha acu san aonad seo.
- Faigh focail eile a chiallaíonn 'sult' ón rang - rinne siad iad i dTopaic 1. Mar shampla: taitneamh, súp, tairbhe, pléisiúr etc.
- Déan druil leis an rang ag cleachtadh 'Ar bhain tú sult as?' trí cheisteanna a chur ar na foghlaimeoirí faoi rudaí éagsúla.
- Cuid B: Cuir gach beirt ag obair le chéile chun Cuid B a dhéanamh.
- Téigh tríd na céimeanna go cúramach leo.

  - Sula ligeann tú do na foghlaimeoirí leanúint ar aghaidh le céim 1 mínigh an méid seo dóibh: má tá focal firinscneach baineann tú úsáid as 'as' (rugbaí: níor bhain mé sult *as*) ach má tá an focal baininscneach baineann tú úsáid as 'aisti' (An Nollaig: níor bhain mé sult *aisti*).
  - Nuair atá an siombal curtha in aice le gach ócáid le léiriú ar bhain siad sult as nó nár bhain (faoi **Tú Féin)** iarr orthu dul ar aghaidh go dtí céim 2.
  - Céim 2: Mínigh dóibh go gcaithfidh siad a machnamh a dhéanamh faoi na hócáidí céanna agus buille faoi thuairim a thabhairt ar bhain an duine atá ag obair leo sult astu. Bainfidh siad úsáid as na siombail chéanna leis na buillí faoi thuairim a léiriú faoi **Do Chara**.
  - Céim 3: Nuair atá an dá cholún **Tú Féin** agus **Do Chara** líonta acu abair leo ceisteanna a chur ar a chéile leis na freagraí cearta a aimsiú. Bainfidh

siad úsáid as na siombailí céanna arís leis an fhírinne a léiriú faoi ar bhain an duine sin sult as na hócáidí éagsúla nó nár bhain.

- Bíodh na cártaí ar **Bileog 6.11** gearrtha amach agat roimh an rang.
- Tabhair cárta amháin (nó dhá chárta) do gach duine sa rang. Mínigh dóibh gurb é atá ar an chárta ná an rud a rinne siad ag an deireadh seachtaine.
- Tabhair tamall beag dóibh lena machnamh a dhéanamh air agus le bheith cinnte gur féidir leo é a rá as Gaeilge.
- Mínigh dóibh go mbeidh siad ag siúl timpeall an ranga ag labhairt leis na daoine eile sa rang le fáil amach cad é a rinne siadsan ag an deireadh seachtaine agus le fáil amach ar bhain siad sult as!
- Scríobh an comhrá seo ar an chlár dubh le cuidiú leo. Cuir béim ar an fhoirm threise arís:

  - An ndearna tú aon rud ag an deireadh seachtaine?
  - Rinne. Chuaigh mé chuig bainis.
  - Ar bhain tú sult as?
  - Bhain. Bhí sé go hiontach. Agus tusa, cad é a rinne tú ag an deireadh seachtaine?
  - D’imir me galf.
  - Ar bhain tú sult as sin?
  - Níor bhain. Bhí an aimsir go dona.

- Bí thusa ag siúl thart le cuidiú leo.

**Feidhm: Ag cur tuairimí in iúl**
**Bileoga: 6.12, 6.13 agus 6.14**

- Scaip **Bileog 6.12** ar an rang.
- Cuid A: Léigh tríd na treoracha. Mínigh dóibh go bhfuil an t-amhrán dúshlánach go leor ó thaobh na teanga de agus nár cheart go mbeadh siad buartha mura dtuigeann siad gach rud.
- Tabhair seans dóibh an t-amhrán a léamh le chéile ag glacadh sealanna é a léamh amach os ard dá chéile.
- Léigh thusa an t-amhrán leis an rang iomlán ansin. Bí cinnte go dtuigeann gach duine brí an amhráin ag an phointe seo.
- Cuid B: Mínigh do na foghlaimeoirí gurb ionann an Modh Ordaitheach agus fréamh an bhriathair. Tabhair tamall do gach beirt líne a chur faoi gach briathar san Aimsir Chaite agus sa Mhodh Ordaitheach.
- Léigh an t-amhrán tú féin ansin agus déan plé ar na briathra san amhrán leis an rang ar fad.
- Cuid C: Cuir an téip ar siúl ansin cúpla uair. Abair leo na focail a léamh a fhad is atá siad ag éisteacht ar mhaithe le fuaimniú.

- Scaip **Bileog 6.13**

- Cuid A: Bí cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí na focail ar fad atá sa bhosca.
- Déan druil leis an rang ag úsáid na bhfocal sa bhosca. Mar shampla:

| | |
|---|---|
| Múinteoir: | Ar thaitin na laethanta saoire leat? |
| Foghlaimeoir: | Thaitin. Thaitin siad go mór liom. |

- Ansin iarr orthu na bearnaí sna habairtí a líonadh le focail ón bhosca agus a gcuid freagraí a chur i gcomparáid leis an duine in aice leo.
- Cuir an téip ar siúl agus iarr orthu a gcuid freagraí a sheiceáil. Ansin seinn an téip arís.

- Scaip **Bileog 6.14**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh. Iarr orthu féachaint san fhoclóir nó ceist a chur ortsa le focal ar bith nach bhfuil acu a aimsiú.
- Cuid B: Abair leo cúpla abairt shimplí a scríobh faoin deireadh seachtaine is fearr a bhí acu. Bí thusa thart le cuidiú leo más gá.
- Cuid C: Cuir gach beirt ag obair le chéile agus abair leo cur síos a dhéanamh dá chéile ar an deireadh seachtaine is fearr a bhí acu.

**Feidhm:** **Ag tuiscint sceideal an Oireachtais agus a rá cad iad na himeachtaí a ndeachaigh tú chucu**
**Bileoga:** **6.15**

- Scaip **Bileog 6.15** ar na foghlaimeoirí agus cuir gach triúr/ceathrar ag obair le chéile.
- Cuid A: Tabhair seans dóibh plé a dhéanamh faoin Oireachtas. Iarr orthu na focail a thagann chun cinn nuair a smaoiníonn siad ar an Oireachtas a scríobh síos: ceol, traidisiún, craic, cóisir, damhsa, drámaí, ól etc. Mínigh dóibh gur cineál ‘seisiún ransaithe smaointe’ atá i gceist.
- Cuid B: Cuir gach beirt le chéile arís.
- Abair leo an sceideal a léamh amach os ard dá chéile agus buille faoi thuairim a thabhairt faoi na himeachtaí ar fad.
- Bíodh tú féin thart le cuidiú leo le focal ar bith nach bhfuil ar eolas acu.
- Abair leo a shamhlú go raibh siad ag an Oireachtas agus cúpla imeacht a roghnú a raibh siad acu.
- Cuid C: Rólghníomhaíocht scaoilte í seo idir gach beirt arís. Tá siad ag ligean orthu féin go raibh siad ag an Oireachtas i nDoire (mura raibh siad ag an Oireachtas i ndáiríre).
- Tabhair seans ansin do gach beirt comhrá a bheith acu bunaithe ar an chomhrá samplach faoi Chuid C.